**RABHADH**

**CAITHFEAR an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an Scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo ⇒**

| |
|---|
| |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009**

**DÉ CÉADAOIN, 17 MEITHEAMH 2009 – MAIDIN 9.30 – 12.00**

# EACNAMAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

**(400 marc)**

Freagair **sé** cheist as Roinn A agus **ceithre** cheist as Roinn B. Tabharfar creidiúint as freagairt shoiléir ghonta agus as ord slachtmhar a bheith ar an ábhar.

## ROINN A (100 marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna atá ann dóibh.

## ROINN B (300 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná scríobh** freagraí Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA (bh)FREAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I ROINN B A FHREAGAIRT**

# ROINN A (100 marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna atá ann dóibh.


**1.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** riosca neamh-inárachais a bhíonn ag fiontraithe.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(16 mharc)**

**2.** Taispeánann an léaráid thíos cuar an éilimh a bhíonn ag gnólacht in Iomaíocht Fhoirfe.




Tá an cuar éilimh seo: **(✓ freagra ceart)**

- Leaisteach aonadach ☐
- Neamhleaisteach foirfe ☐
- Leaisteach foirfe ☐

Luaigh an chúis le do rogha:

______________________________

______________________________

**(16 mharc)**

**3.** Tá <u>geilleagar measctha</u> ag Éirinn. Cad a thuigeann tú leis an téarma a bhfuil líne faoi?
Luaigh buntáiste eacnamaíochta **amháin** agus míbhuntáiste eacnamaíochta **amháin** atá leis an gcóras eacnamaíochta seo.

**Míniú:** ______________________________

______________________________

**Buntáiste:** ______________________________

**Míbhuntáiste:** ______________________________

**(16 mharc)**

**4.** Sainmhínigh boilsciú de bharr 'costbhrú'. Sainaithin **dhá** fhoinse den chineál seo boilscithe i ngeilleagar na hÉireann.

**Sainmhíniú:** ______________________________

______________________________

**Foinse 1**: ______________________________

**Foinse 2**: ______________________________

**(16 mharc)**

**5.** <u>Éileamh díorthaithe</u> is ea an t-éileamh ar thalamh. Mínigh an bhrí atá leis an téarma a bhfuil líne faoi agus tú ag tagairt don talamh.

______________________________

______________________________

______________________________

**(16 mharc)**

**6.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** iarmhairt eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann ar an bpunt steirling (£) a bheith ag titim i gcoibhneas leis an euro (€).

**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

**(17 marc)**

**7.** **(a)** Luaigh **Teoiric na hÁirgiúlachta Imeallaí Laghdaithí**: ______________________________

______________________________

______________________________

**(b)** Taispeánann an tábla thíos Dlí na hÁirgiúlachta Imeallaí Laghdaithí.

| **Líon na n-aonad ídithe** | **1** | **2** | **3** | **4** | **5** | **6** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Áirgiúlacht iomlán ina haonaid** | **30** | **65** | **85** | **100** | **110** | **115** |
| **Áirgiúlacht imeallach ina haonaid** | **30** | | | | | |

Comhlánaigh an tábla agus luaigh an pointe a dtagann áirgiúlacht imeallach i bhfeidhm ina dhiaidh.

______________________________

**(17 marc)**

**8.** Sainmhínigh 'forbairt eacnamaíoch'. Mínigh **dhá** chostas shóisialta a ghabhann le forbairt eacnamaíoch.

**Sainmhíniú:** ______________________________

______________________________

**Costas 1:** ______________________________

______________________________

**Costas 2:** ______________________________

______________________________

**(17 marc)**

**9.** Bíonn eacnamaithe ag tagairt don 'daonra atá ag liathadh' in Éirinn, i.e. go bhfuil struchtúr an daonra in Éirinn ag dul in aois. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** iarmhairt eacnamaíochta atá ag an bhforbairt seo ar gheilleagar na hÉireann.

**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

**(17 marc)**

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt***

# ROINN B (300 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná scríobh** freagraí Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**1.** **(a)** (i) Taispeáin, ar léaráid a bhfuil lipéid uirthi, cuar an éilimh agus cuar an tsoláthair i margadh na gconsól cluichí, e.g. Xbox, PlayStation, Nintendo DS. Sainaithin agus mínigh suíomh cothromaíochta an mhargaidh.

(ii) Mínigh, le cabhair léaráide ar leith **i ngach** cás, na hiarmhairtí is dóichí a bheidh ag **gach** ceann díobh seo a leanas ar an suíomh cothromaíochta thuas:

- Laghdú 50% ar phraghas cluichí ríomhaireachta a imrítear ar chonsól cluichí;
- Cuóta ar chainníocht na gconsól cluichí ag teacht isteach go hÉirinn;
- Gearrann an Rialtas tobhach (cáin) 2% ar an ioncam iomlán a thuilltear. *(30 marc)*

**(b)** (i) Sainmhínigh leaisteachas ioncaim an éilimh **agus** praghasleaisteachas an éilimh.

(ii) Cé acu figiúr díobh sin a luaitear thíos is dóichí a sheasann do gach ceann díobh seo:

- Leaisteachas **ioncaim** an éilimh ar phíosaí feola ar phraghas íseal;
- Leaisteachas **ioncaim** an éilimh ar an Apple iPhone;
- **Praghasleaisteachas** an éilimh ar pheitreal.

**- 1.6** **- 0.1** **+ 4.3**

Tabhair cúiseanna le do rogha **i ngach** cás. *(30 marc)*

**(c)** Glac leis gurb é leaisteachas **ioncaim** an éilimh ar chonsóil chluichí ná **+2.5** agus gurb é 100,000 aonad iomlán na ndíolachán sa bhliain 2008.

Ríomh iomlán na ndíolachán a mbeifí ag súil leis sa bhliain má táthar ag súil le titim 8% ar ioncam tomhaltóirí sa bhliain 2009. Taispeáin do chuid oibrithe.

*(15 mharc)*
**[75 marc]**

**2.** **(a)** (i) Luaigh agus mínigh na boinn tuisceana a ghabhann le teoiric na h**iomaíochta neamhfhoirfe**.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí is féidir le tomhaltóirí a bhaint as an iomaíocht neamhfhoirfe.

*(30 marc)*

**(b)** Mínigh, le cabhair léaráide **i ngach** cás, na coinníollacha faoina mbeadh gnólacht uasmhéadaithe brabúis i gcothromaíocht faoi iomaíocht neamhfhoirfe:
(i) go gearrthréimhseach;
(ii) go fadtréimhseach.

*(30 marc)*

**(c)** 'Bíonn na miondíoltóirí bia is mó ar mhargadh na hÉireann, leithéidí Aldi, Dunnes, SuperValu agus Tesco, ag feidhmiú faoi choinníollacha na hIomaíochta Neamhfhoirfe'.


An aontaíonn tú leis an ráiteas seo? Tabhair fáthanna le do fhreagra, ag tagairt **i ngach** cás do na miondíoltóirí bia is mó ar mhargadh na hÉireann atá luaite thuas.

*(15 mharc)*
**[75 marc]**

**3.** **(a)** Is gnách Meánchostas Gearrthréimhseach (MC) gnólachta a léiriú mar chuar U-chruthach.

(i) Luaigh agus mínigh an chúis/na cúiseanna atá le cruth chuar an MC:

- Ó phointe X go Y;
- Ó phointe Y go Z.




(ii) Mínigh an coibhneas idir cuar an Chostais Imeallaigh (CI) agus cuar an Mheánchostais (MC) mar a thaispeántar thuas.

*(25 marc)*

**(b)** 'Braitheann an cruth ar chuar an Mheánchostais Fhadtréimhsigh (MCF) ar bharainneachtaí agus ar dhíbharainneachtaí scála'.

(i) Mínigh an ráiteas seo, le cabhair léaráide a bhfuil lipéid shoiléire uirthi.
(ii) Sainmhínigh **Barainneachtaí Scála Inmheánacha** agus **Barainneachtaí Scála Seachtracha**.
(iii) Luaigh **dhá** shampla de **gach** barainneacht agus mínigh iad i ngach cás.

*(30 marc)*

**(c)** 'Ba chóir do rialtas na hÉireann tionscnaimh a spreagadh a chuirfidh cosc ar arduithe breise ar chostais agus dá thoradh sin a chothóidh fostaíocht i ngnólachtaí beaga'.

Mol **dhá** ghníomh a d'fhéadfadh an rialtas a dhéanamh chun feabhas a chur ar iomaíocht gnólachtaí beaga agus luaigh cúiseanna le do mholtaí.

*(20 marc)*
**[75 marc]**

**4.** **(a)** 'D'fhéadfadh go dteipfeadh ar bhainc dá gcuirfidís an iomarca lena leabhar iasachta.' Mínigh an ráiteas seo i gcomhthéacs an dá riachtanas atá ar bhainc maidir le leachtacht agus brabúsacht. *(25 marc)*

**(b)** Tá an coincheap ag Keynes 'Tosaíocht don Leachtacht' bunaithe ar thrí chúis a mbíonn dúil ag daoine saibhreas a choinneáil i bhfoirm airgid.
(i) Luaigh agus mínigh **gach ceann** de na cúiseanna seo.
(ii) Pléigh an iarmhairt a mbítear ag súil, de ghnáth, a bheadh ag titim i rátaí úis ar **gach ceann** de na cúiseanna seo.

*(30 marc)*

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar conas a rachadh an teirce (laghdú) creidmheasa atá ar fáil le deireanas i gcion orthu seo:
(i) Tionscal Mótar na hÉireann;
(ii) Boilsciú;
(iii) Comhardú na nÍocaíochtaí ag Éirinn.

*(20 marc)*
**[75 marc]**

**5.** **(a)** Taispeánann an tábla a leanas leibhéal an Ollioncaim Náisiúnta agus leibhéal na gcomhchodanna Tomhaltas, Infheistíocht agus Onnmhairí ag deireadh na dtréimhsí 1 agus 2, agus leibhéal na nAllmhairí ag deireadh na tréimhse 1.
(Chun críche na ceiste seo is féidir leat neamhshuim a dhéanamh d'earnáil an Rialtais.)

| | Ollioncam Náisiúnta | Tomhaltas | Infheistíocht | Onnmhairí | Allmhairí |
|---|---|---|---|---|---|
| Tréimhse 1 | €40,000 | €30,000 | €15,000 | €15,000 | €20,000 |
| Tréimhse 2 | €50,000 | €39,000 | €18,000 | €21,000 | **?** |

Ríomh an méid seo a leanas agus taispeáin do chuid oibrithe uile:

(i) Leibhéal na n-allmhairí ag deireadh thréimhse 2;
(ii) Leibhéal an choigiltis ag deireadh thréimhse 2;
(iii) An Claonadh Imeallach chun Tomhaltais (MPC);
(iv) Méid an Iolraitheora.

*(20 marc)*

**(b)** 'Tagraítear d'Éirinn mar gheilleagar beag oscailte agus bíonn tionchar aige seo ar chumas an rialtais chun dul i gcion ar leibhéal an éilimh chomhiomláin sa tír.'
Mínigh an ráiteas sin agus tú ag úsáid léaráid Shreabhadh Ciorclach an Ioncaim mar thacaíocht le do fhreagra.

*(30 marc)*

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar na teorainneacha a bhaineann le húsáid na hOlltáirgeachta Náisiúnta ar Mhargadhphraghsanna Reatha nuair atá comparáid á déanamh idir an meánchaighdeán maireachtála in dhá bhliain éagsúla.

*(25 marc)*
**[75 marc]**

**6.** **(a)** Sainmhínigh **gach ceann** de na téarmaí seo a leanas:
(i) Easnamh ar an mBuiséad Reatha;
(ii) Riachtanas Iasachta an Státchiste;
(iii) Riachtanas Iasachta na hEarnála Poiblí;
(iv) Fiachas Náisiúnta.

*(20 marc)*

(b) D'fhás Fiachas Náisiúnta na hÉireann ó €36bn ag deireadh 2006 go €50.4bn ag deireadh 2008.

(i) Tabhair breac-chuntas ar na príomhchúiseanna leis an méadú ar an bhFiachas Náisiúnta.
(ii) Déan cur síos ar na hiarmhairtí eacnamaíochta (dearfach agus diúltach) atá ag an méadú ar an bhFiachas Náisiúnta le blianta beaga anuas.

*(35 marc)*

**(c)** Beidh Easnamh suntasach ar an mBuiséad Reatha i ngeilleagar na hÉireann sa bhliain 2009. Tá tusa fostaithe mar Chomhairleoir Eacnamaíochta ag an Aire Airgeadais.

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** bheart shainiúla (ceann ar thaobh an ioncaim agus ceann ar thaobh an chaiteachais de Chuntas an Rialtais) a mholfá don Aire a chur i gcrích chun laghdú suntasach a dhéanamh ar an Easnamh ar an mBuiséad Reatha.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar an iarmhairt nó ar na hiarmhairtí eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ar **gach ceann** de na bearta atá roghnaithe agat.

*(20 marc)*
**[75 marc]**

**7.** **(a)** Tá sé le tuiscint as 'Dlí an Bhuntáiste Chomparáidigh' go méadaíonn <u>speisialtóireacht</u> agus trádáil an t-aschur domhanda.

(i) Mínigh an bhrí atá leis an téarma a bhfuil líne faoi i gcomhthéacs na trádála idirnáisiúnta.
(ii) Sainaithin na príomhbhoinn tuisceana atá leis an dlí seo.
(iii) Sainaithin **dhá** fhoinse buntáiste chomparáidigh do gheilleagar na hÉireann.

*(30 marc)*

**(b)** Geilleagar beag oscailte í Éire a bhraitheann go mór ar an trádáil idirnáisiúnta.

(i) Pléigh an tábhacht do gheilleagar na hÉireann a bhaineann leis an trádáil idirnáisiúnta.
(ii) An mbeadh aon chúis mhaith eacnamaíochta ag rialtas le hidirghabháil chun teorainn a chur leis an trádáil idirnáisiúnta? Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna le do fhreagra.

*(30 marc)*

**(c)** Scríobh nóta gairid ar an méid a chuir David Ricardo le smaointeoireacht na heacnamaíochta.

*(15 mharc)*

**[75 marc]**

**8.** **(a)** Pléigh na tosca a bhfuil tionchar acu ar mhéid an lucht saothair in Éirinn.

*(20 marc)*

**(b)** 'De réir an tSuirbhé Náisiúnta Teaghlaigh Ráithiúil (SNTR) bhí ráta 7.7% dífhostaíochta ann i mí na Nollag 2008'.

(i) Ainmnigh foinse, seachas an SNTR, a chuireann staitisticí dífhostaíochta ar fáil in Éirinn.
(ii) Luaigh, agus cúiseanna á dtabhairt agat, cén tomhas ar an dífhostaíocht, a úsáideann gach ceann de na foinsí seo, a thugann an meastachán is cruinne ar an dífhostaíocht in Éirinn.

*(15 mharc)*

**(c)** (i) Tabhair breac-chuntas ar na príomhchúiseanna leis na harduithe ar an dífhostaíocht i ngeilleagar na hÉireann le gairid.
(ii) Pléigh polasaithe eacnamaíochta a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a leanúint chun leibhéal na dífhostaíochta a laghdú**.**

*(40 marc)*

**[75 marc]**

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt.***

# Leathanach Bán